C/2025/6067

7.11.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala

(C/2025/6067)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Ángel Arnoldo PINEDA ÁVILA agus José Rafael CURRUCHICHE CUCUL, daoine atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle ([2]) maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle ainmniú na ndaoine thuasluaite a choimeád, srianta taistil san áireamh, agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad an ráiteas beartaithe ar chúiseanna maidir lena n-ainmniú a choimeád, faoin **14 Samhain 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L, 2024/254, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/254/oj.
([2]) IO L, 2024/287, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/287/oj.